Technological University Dublin
ARROW@TU Dublin

Reports
Social Sciences

2012

# Don Duine is Lú, Léitheoireacht Abú

Geraldine French
*Technological University Dublin*, geraldine.french@tudublin.ie

Follow this and additional works at: https://arrow.tudublin.ie/aaschsslrep

Part of the Civic and Community Engagement Commons, Educational Sociology Commons, and the Pre-Elementary, Early Childhood, Kindergarten Teacher Education Commons

Recommended Citation
French, G. Don Duine is Lú, Léitheoireacht Abú. Paper commissioned by Fingal County Council, 2012. (Irish language material)

This Report is brought to you for free and open access by the Social Sciences at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Reports by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact arrow.admin@tudublin.ie, aisling.coyne@tudublin.ie, vera.kilshaw@tudublin.ie.

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

**An Rannán Leabharlann**
Libraries Division

# Don Duine is Lú, Léitheoireacht Abú
# **Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall Comhairle Contae Fhine Gall**



**fingal**.ie



# Leabharlanna Fhine Gall
# Straitéis Litearthachta Luathbhlianta:

Ár gcur chuige maidir leis na
nithe seo a chur chun cinn




Litearthacht agus Foghlaim sna
Luathbhlianta i bhFine Gall

**Príomhúdair:**

| | |
|---|---|
| Geraldine French | Yvonne O'Brien |
| Lilian Whelan | Siobhan Walshe |

# Buíochas

**Ár mbuíochas le gach duine a chuidigh linn agus an straitéis seo á ceapadh againn. Ina measc bhí:**

Barnardos

Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (An Coiste Gairmoideachais mar a bhí) AKSES (Seirbhísí Oideachais do Dhaoine Fásta - Adult Key Skills Education Services)

Coiste Contae Fhine Gall um Chúram Leanaí

RAPID Fhine Gall

Scoil Náisiúnta St. Philips, Radharc an Chnocáin

Creis 'KIDZ ZONE'

Lifestart

Creis 'Little Learners'

Creis an Tionscadail Náisiúnta don Aos Óg

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITB)

Tá buíochas ar leith ag dul d'fhoireann leabharlann Contae Fhine Gall.

Gabhaimid buíochas le gach duine a chuir grianghraif ar fáil, lena n-áirítear Brian MacCormaic, Silje Skuterud agus  Ciara Farrell.

Ár mbuíochas le Maighread Medbh as an gcomhairle eagarthóireachta a chuir sí orainn.

Agus mar fhocal scoir, céad míle buíochas leis na tuismitheoirí agus na leanaí a ghlac páirt thoilteanach inár n-imeachtaí.

Go raibh maith agaibh as bhur dtacaíocht do Leabharlanna Fhine Gall.

# Clár Ábhair


Teachtaireacht ón Méara 4

Réamhrá ón mBainisteoir Contae 5

Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall: An Fhís 6

Achoimre Fheidhmeach 7

Réamhrá 8

Comhthéacs Fhine Gall 9

Leabharlanna Fhine Gall 11

Ceapadh na Straitéise 12

Réasúnaíocht don Straitéis 14
- Cad is ciall le luathlitearthacht? 14
- Cén fáth ar chóir Straitéis Litearthachta Luathbhlianta a fhorbairt? 15

Cad a deir an taighde mar gheall ar luathlitearthacht? 17
- Tá teanga labhartha agus forbairt chumarsáide tábhachtach 17
- Na scileanna litearthachta sonracha ar chóir iad a spreagadh 18
- Tá rochtain ar leabharlanna agus leabhair tábhachtach 19
- Tá tábhacht le hilchineálacht a aithint 20
- Tá an timpeallacht foghlama sa bhaile tábhachtach 21
- Tá léitheoireacht i gcomhpháirt tábhachtach 22
- Léiriú de Leanbh Liteartha 23

An Straitéis Litearthachta Luathbhlianta – Eochairghníomhaíochtaí agus spriocanna 25
- Eochairghníomhaíocht 1<br>Forbróimid an cnuasach 'Early Years' 26
- Eochairghníomhaíocht 2<br>Forbróimid Clubanna Leabhar Naíonán 27
- Eochairghníomhaíocht 3<br>Éascóimid agus soláthróimid an Clár Foghlama Teaghlaigh i gcomhar le AKSES 28
- Eochairghníomhaíocht 4<br>Rachaimid i dteagmháil le hÚdair agus Maisitheoirí 29
- Eochairghníomhaíocht 5<br>An modúl 'Storybag' 30
- Eochairghníomhaíocht 6<br>Cnuasach d'ábhar litearthachta 31
- Eochairghníomhaíocht 7<br>Oiliúint luathlitearthachta 32
- Eochairghníomhaíocht 8<br>Tionscnamh seanchais pobail 33
- Eochairghníomhaíocht 9<br>Cruthóimid bileog faisnéise agus nod 34
- Eochairghníomhaíocht 10<br>Bainfimid triail as Scéim Bronnta Leabhar 35

Conclúid 36

Cás-staidéar 1 Club Leabhar Naíonán Leabharlann Bhinn Éadair 37

Cás-Staidéar 2 Seisiúin 'Storybag' 38

Tagairtí 39

Aguisín 1 Páirtithe Leasmhara 40

Aguisín 2 Acmhainní gréasáin 42

# Teachtaireacht ón Méara



An Comhairleoir Kieran Dennison
Méara Fhine Gall

Smaoinímid ar litearthacht mar léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Rud a fhoghlaimíonn leanaí ar scoil. Ach is rud níos bunúsaí ná sin í an litearthacht agus tosaítear uirthi ó bhreith an duine. Forbraíonn leanaí an cumas foghlama agus cumarsáide go han-luath sa saol óna dtuismitheoirí agus óna gcúramóirí. Foghlaimíonn siad conas éisteacht agus labhairt sula dtosaíonn siad ag léamh agus ag scríobh.

Níl gach tuismitheoir ná cúramóir ar an eolas maidir leis an ról tábhachtach is féidir a bheith acu i bhforbairt a leanaí amach anseo. Trí chabhair a thabhairt do leanaí a leibhéil litearthachta a fhorbairt, d'fhéadfadh tuismitheoirí agus cúramóirí tús fíormhaith a thabhairt dá leanaí ní hé amháin ar scoil ach sa saol féin. Féadann rudaí simplí cosúil le comhrá a thosú, dul trí leabhar pictiúr nó bheith ag léamh le leanaí an-chuid a dhéanamh chun scileanna litearthachta a leasú agus cabhrú leo forbairt go barr a gcumais.

Tá Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall deartha le feasacht a ardú maidir le luathlitearthacht i measc na ndaoine fásta suntasacha i saol leanaí. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo tuismitheoirí agus cúramóirí a spreagadh agus a chumasú le bheith in ann litearthacht a chur chun cinn do leanaí faoi bhun aois a sé.

Tá mé an-bhródúil go bhfuil ceann de na leibhéil bhallraíochta leabharlann is airde sa tír ag Comhairle Contae Fhine Gall. Tá ceann de na seirbhísí leabharlann is nuálaí agus réamhghníomhaí againn chomh maith. Le caitheamh na mblianta tá an tseirbhís tar éis fás agus forbairt trí éisteacht le riachtanais ár saoránach. Tá an tseirbhís litearthachta luathbhlianta mar pháirt de phróiseas de bheith ag obair leis an bpobal chun an leibhéal litearthachta a mhéadú agus saol ár bpobail a shaibhriú. Cruthóidh sé grá don fhoghlaim agus cabhróidh sé le han-chuid leanaí an caitheamh aimsire is áille ar an saol a fhorbairt, an léitheoireacht.

# Réamhrá ón mBainisteoir Contae



David O'Connor
Bainisteoir Contae


Deirtear gur ar an raidió is a fearr a chruthaítear íomhá. Cé go dtagann an tsamhlaíocht chun beatha leis an bhfocal labhartha tá an focal scríofa níos cumhachtaí fós. Níl aon teorainn leis na deiseanna a chuirtear ar fáil don aigne óg trí bheith ag léamh. Mar a dúirt, Andrew Carnegie, an daonchara cáiliúil a thóg an iliomad leabharlann phoiblí a bhí saor in aisce don phobal "*Bíodh solas ann*". Nach fíor dó.

Cé go bhfuil ár leabharlann in iomaíocht le saol na gcluichí ríomhaireachta agus na teilifíse táimid ag dul i ngleic leis an dúshlán sin le clár nuálach samhlaíoch a bhfuil foireann ár leabharlainne thar a bheith tiomanta dó.

Tá súil agam go n-osclóidh an Straitéis Litearthachta doirse na léitheoireachta agus na leabhar do dhaoine óga – saol nach bhfuil teoranta ach ag an tsamhlaíocht amháin.

# Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall: An Fhís

*An fhís atá ann do Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall ná tacú leis na daoine tábhachtacha i saol leanaí ón mbreith acu go haois a sé, agus an deis a thabhairt do na leanaí seo an tús is fearr a fháil ar an saol trí leabhair a úsáid mar spreagadh samhlaíochta agus foghlama feadh an tsaoil.*



# Achoimre Fheidhmeach

## Ár bhfís

Trí cheapadh sainstraitéise litearthachta, tá sé mar aidhm ag Rannán Leabharlann Chomhairle Contae Fhine Gall feasacht a mhéadú maidir le tábhacht na luathlitearthachta. Is mian linn freisin deiseanna comhoibrithe a iniúchadh chomh maith chun luathlitearthacht a leasú i gcomhar le gníomhaireachtaí breisoideachais áitiúla, suíomhanna luathóige, scoileanna agus coláistí. Tá sé mar aidhm againn leibhéal leasaithe litearthachta i measc an phobail a spreagadh. Tá Leabharlanna Fhine Gall ag forbairt gníomhaíochtaí sonracha dá bharr chun bheith mar bhun agus taca lenár straitéis d'fhonn tacú leis an leanbh liteartha.

### I measc na n-eochairghníomhaíochtaí tá seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 1. | Cnuasach Luathbhlianta a fhorbairt darb ainm Early Readers |
| 2. | Clubanna Leabhar Naíonán a bhunú agus a chothabháil inár líonra brainsí leabharlann |
| 3. | Clár foghlama teaghlaigh a sholáthar i gcomhar le AKSES |
| 4. | Dul i dteagmháil le húdair agus maisitheoirí |
| 5. | Forbairt modúl 'Storybag' a éascú atá deartha ag an Institiúid Teicneolaíochta i mBaile Bhlainséir |
| 6. | Cnuasach iontach d'ábhar litearthachta a chothabháil agus a fhorbairt i ngach ceann de leabharlanna Fhine Gall |
| 7. | Oiliúint litearthachta a sholáthar do bhaill foirne na leabharlann |
| 8. | Ár seirbhís leabharlann taistil a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal sa tionscnamh seanchais |
| 9. | Bileoga faisnéise agus bileoga nod a chruthú atá bainteach le luathléitheoireacht |
| 10. | Iniúchadh a dhéanamh ar Scéim Bronnta Leabhar |

## Ár dTiomantas

Tosóimid ar gach ceann de na réimsí eochairghníomhaíochta seo sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

Cruthóimid bunchloch don chaighdeán a bhfuil i gceist againn cur leis i gcónaí.

Cuirfimid romhainn a chinntiú go mbeidh idirchaidreamh dearfach ann le páirtithe leasmhara i réimse na luathfhoghlama ag leanaí.

# Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag Rannán Leabharlann Chomhairle Contae Fhine Gall feasacht a spreagadh maidir leis an tábhacht a bhaineann le luathlitearthacht agus conas is fearr luathlitearthacht a leasú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí breisoideachais áitiúla, eagraíochtaí a bhfuil leas acu sna blianta luathfhorbartha, suíomhanna luath-óige, scoileanna agus coláistí. Tá Leabharlanna Fhine Gall, dá bharr, ag forbairt gníomhaíochtaí áirithe chun an pobal a chur ar an eolas d'fhonn tacú leis an leanbh liteartha.

Sonraíonn an doiciméad seo **Straitéis Litearthachta Luathbhlianta Leabharlanna Fhine Gall** (dá dtagraítear Straitéis anseo amach anseo). Tosaíonn sé le creat de Chontae Fhine Gall go ginearálta agus Leabharlanna Fhine Gall ach go háirithe. Cuirtear i láthair ceapadh na Straitéise, a cuid aidhmeanna agus na prionsabail atá mar bhun agus taca léi. Sonraítear ansin an réasúnaíocht a bhaineann le Leabharlanna Fhine Gall bheith dírithe ar luathlitearthacht nó litearthacht éiritheach. Ansin tá rannóg a dhíríonn ar thaighde ábhartha maidir le luathlitearthacht. Cuirtear críoch leis an doiciméad leis na heochairghníomhaíochtaí sa Straitéis, conas a bhainfear iad seo amach agus roinnt cás-staidéar eiseamláireach maidir le gníomhaíochtaí agus iad i bhfeidhm.



# Comhthéacs Fhine Gall

Mhéadaigh daonra Fhine Gall 22% idir 2002 agus 2006 agus 14.2% sa bhreis sna cúig bliana go 2011.[1] In ainneoin an chúlaithe eacnamaíochta, táthar ag súil go bhfásfaidh daonra Fhine Gall go fóill. Is iad Baile Bhlainséir agus Sord na ceantair is mó ina raibh fás agus tá Baile Brigín tar éis fás suntasach a dhéanamh chomh maith. Dá bharr sin, tá Fine Gall ar cheann de na daonraí is óige in aon chontae in Éirinn.

Is é ráiteas misin Chomhairle Contae Fhine Gall 'feabhas a chur ar cháilíocht saoil ár saoránach agus ár bpobail trí fhorbairt a dhéanamh ar ár gcontae agus ár réigiún a threisiú trí fhás eacnamaíochta inbhuanaithe'.[2]

Mar thacaíocht don mhisean seo tá sé mar aidhm ag Leabharlanna Fhine Gall bheith rathúil, dírithe ar an bpobal, níos cliste, níos folláine agus níos dírithe ar an gcomhshaol. Cuirimid romhainn seo a bhaint amach sna slite seo a leanas:

| Rathúil | Dírithe ar an bPobal | Níos Cliste | Níos Folláine | Níos Dírithe ar an gComhshaol |
|---|---|---|---|---|
| Cuirimid foinse shaibhir eolais ar fáil atá oiriúnach d'úsáidí áineasa, cultúrtha agus gnó araon. Cuireann an t-eolas seo ar chumas ár saoránach an úsáid is mó a bhaint as gach deis eacnamaíochta agus is féidir. Cuirimid romhainn tacú le riachtanais eolais a bhfuil gá leo don fhás eacnamaíochta i bhfad amach anseo. | Cuirimid spás poiblí ar fáil ina bhfuil fáilte roimh gach duine dár saoránach. Déanaimid obair rialta le grúpaí agus ionadaithe pobail, agus tá sé mar aidhm againn rochtain ar ár seirbhísí a uasmhéadú le tacaíocht ó fhoireann cháilithe. Tá sé mar chuspóir againn chomh maith seirbhís atá chomh héagsúil lenár saoránaigh a sholáthar. | Leis na hacmhainní a chuirimid ar fáil inar leabharlanna, tacaímid lenár leanaí an tús is fearr agus is féidir sa saol a fháil agus tús a chur le rathúlacht sa saol. Leanaimid orainn de bheith ag cur na spásanna agus seirbhísí ar fáil atá mar bhunchloch ag foghlaim féinstiúrtha agus foghlaim feadh an tsaoil do chách, rud a chuireann ar chumas daoine bheith ina bhfoghlaimeoirí rathúla, ina ndaoine muiníneacha, a chuireann leis an saol agus atá ina saoránaigh fhreagracha. | Cinntímid rochtain ar an-chuid eolais maidir le folláine, seansanna sa saol agus gníomhaíochtaí áineasa dár saoránaigh uile. Leanfaimid orainn de bheith ag ofráil ár Scéime Léitheoireachta Folláine[3] agus de bheith ag cothabháil agus ag cur chun cinn an chnuasaigh seo. | Tacaímid leis an bpobal bheith níos dírithe ar an gcomhshaol trí eolas a sholáthar maidir le gach gné den chomhshaol féin. In éineacht le ranna eile na Comhairle, glacfaimid páirt i bhfeachtais feasachta dár saoránaigh. |

Tá ár gcroíchuspóirí ag ceartlár gach uile ní a dhéanaimid. Leis seo san áireamh, beidh orainn buntáiste iomaíoch a bhaint amach dár gcontae agus dár saoránaigh. Rinne Leabharlanna Fhine Gall measúnú ar riachtanais litearthachta an Chontae. Chuamar i gcomhar le cleachtóirí i réimse na litearthachta agus rinneamar athbhreithniú ar an tuarascáil is déanaí ón rialtas: *Literacy and numeracy for learning and life*.[4] Chinneamar go mba chóir an bhéim a chur ar réimse litearthachta na luathbhlianta agus, dá bharr, tá seo ar an bpríomhbhéim againn anois agus comh-thiomantas againn don litearthacht teaghlaigh.

[1] An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2012). Arna rochtain an 1 Márta, 2013 ar an suíomh gréasáin: http://www.cso.ie/en/qnhs/releasesandpublications /qnhs-calendarquarters/TableS9a, Q. 3, 2011
[2] Comhairle Contae Fhine Gall. (2010, p.3). Plean Corparáideach 2010-2014. BÁC: Comhairle Contae Fhine Gall
[3] Bileog Faisnéise Scéim Léitheoireachta Folláin Fhine Gall i gcomhpháirt le FSS agus Iníonacha na Carthanachta.
[4] An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2011). *Literacy and numeracy for learning and life: The national strategy to improve literacy and numeracy among children and young people 2011-2020.* BÁC: An Roinn Oideachais agus Scileanna.


LIBRARY




CARNEGIE FREE LIBRARY



# Leabharlanna Fhine Gall

Freastalaíonn Leabharlanna Fhine Gall ar dhaonra de 273,000 duine trí líonra leabharlann bhrainse agus le tacaíocht ó Sheirbhís Leabharlann Taistil ina bhfuil ceithre fheithicil. Tá Seirbhís Tí againn agus seirbhís Staidéar Áitiúil agus Cartlainne.

Tá ár mballraíocht tar éis méadú 25% ó bhí 2010 ann agus faoi láthair tá 113,498 ball againn, nó 41.4% de lucht cónaithe Fhine Gall ina mbaill de leabharlann phoiblí éigin, an ráta ballraíochta is airde sa tír. Thug iomlán de 1.2m duine cuairt ar Leabharlanna Fhine Gall sa bhliain 2012. Tógadh os cionn 1.2m earra, idir leabhair agus chluichí consóil, amach ar iasacht sa bhliain 2012.

Le blianta beaga anuas táimid tar éis clú a bhaint amach mar an tseirbhís leabharlainne is nuálaí in Éirinn ó thugamar isteach seirbhísí ar líne, seirbhísí amhail Ríomhleabhair, feidhmchláir foghlama ar líne agus irisleabhair ar líne. Táimid tar éis teicneolaíocht atá furasta le húsáid a chur i bhfeidhm, teicneolaíocht ar nós WiFi, seirbhísí gearrtheachtaireachtaí (SMS) agus iasacht féin-seirbhíse. Leanfaimid orainn de bheith dírithe ar bhealaí nua a aimsiú chun riachtanais faisnéise ár saoránach a chomhlíonadh.

I gcomhthráth leis seo, táimid tar éis obair dhian a dhéanamh chun an pobal a choimeád páirteach san uile ní a dhéanaimid. Cuirimid spás poiblí ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall uile chun staidéar a dhéanamh, leabhair nó aon earra eile a thógáil ar iasacht nó freastal ar cheann de na hócáidí éagsúla (4,552 sa bhliain 2012) a chuireamar ar fáil ar bhonn rialta ar nós an tseanchais, ranganna ríomhaireachta, cainteanna oideachasúla nó gníomhartha ealaíne agus ceardaíochta mar pháirt dár dtionscnaimh áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an spás poiblí seo ar fáil do dhaoine óga agus fásta agus táimid tar éis deiseanna litearthachta agus foghlama dearfacha a sholáthar do chách le fada an lá.

Tá sé mar chúis bhróid againn gur seirbhís chomhaimseartha muid a bhfuil fíor-eolas againn mar gheall ar ár saoránaigh agus éiteas atá dírithe go daingean ar an bpobal.

De bharr na teagmhála dearfaí atá againn leis an bpobal áitiúil, táimid ag seoladh clár litearthachta sonraithe a bhfuil straitéis fhoirmiúil mar bhonn is taca léi. Tá sé mar aidhm againn roinnt clár a sholáthar, a chuirfear ar fáil tríd ár líonra leabharlann agus lasmuigh de, leis na daoine is óige inár sochaí san áireamh againn.






# Ceapadh na Straitéise

An pointe tosaithe a bhí againn ná na príomhpháirtithe leasmhara a aithint agus iad a thabhairt le chéile d'fhonn plé grúpa a chur ar bun. Bhí an tréimhse chomhairliúcháin seo leis an bpobal mar chúis leis an teacht le chéile i mí na Samhna 2012. Bhí an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir páirteach ann, agus ina measc bhí Barnardos, Coiste Cúram Leanaí Chontae Fhine Gall, an Coiste Gairmoideachais, an Instiitiúid Teicneolaíochta i mBaile Bhlainséir, oifigigh teagmhála baile/scoile ó scoileanna áitiúla agus soláthraithe cúram luath-óige (féach Aguisín 1 chun iadsan a bhí páirteach sa chruinniú a fheiceáil). An aidhm a bhí ann ná dul i mbun próiseas rannpháirtíoch d'fhonn straitéis litearthachta a chruthú mar fhreagra ar na fíor-riachtanais ag an bpobal.

Chuir Leabharlanna Fhine Gall an-chuid de na tascanna molta san áireamh, rud a chuir tús le cruthú 10 n-eochairghníomhíocht.

## Seo a leanas aidhmeanna na Straitéise:

1. Tuismitheoirí agus cúramóirí a spreagadh chun leabhair, scéalta agus rímeanna a léamh lena naíonáin agus a leanaí óga chun léitheoireacht a chur chun cinn mar fhoinse shuntasach phléisiúir agus spraoi, agus mar rud a chuireann le luath-fhorbairt leanaí.
2. Obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí pobail, scoileanna agus naíolanna chun beatha a thabhairt do leabhair agus insint scéal.
3. Feasacht a mhéadú maidir le húsáid na seirbhíse leabharlainne áitiúla mar acmhainn luachmhar saoil do thuismitheoirí, cúramóirí agus leanaí araon.
4. Smaoineamh na léitheoireachta laistigh den teaghlach a chur chun cinn.
5. Obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara áitiúla eile i réimse na litearthachta agus na huimhearthachta, páirtithe leasmhara ar nós scoileanna agus ceannairí oideachais luath-óige chun cur chuige níos comhtháite maidir le soláthar seirbhíse a bhaint amach.



## Seo a leanas na prionsabail[5] atá mar bhun agus taca leis an Straitéis:

- Is cumarsáidithe agus léitheoirí iad leanaí ó lá a mbreithe. Is í an teanga labhartha bunchloch na forbartha litearthachta. Cuireann an teanga labhartha léargas ar fáil do leanaí maidir le focail agus abairtí agus cruthaíonn sé íogaireacht ionas gur féidir le leanaí na fuaimeanna ina dteanga féin a fhoghlaim. Is iad na focail a chloiseann agus a úsáideann leanaí sna luathbhlianta na focail a bheidh siad in ann a thuiscint nuair a thagann siad orthu i dtéacs sa bhunscoil agus i gcomhthéacsanna eile.
- Tá tionchar mór ag taithí leanaí le leabhair agus an focal scríofa ar a gcumas bheith in ann a bheidh á léamh acu a thuiscint. Tá léitheoireacht le daoine fásta, féachaint ar leabhair go neamhspleách, agus taithí léitheoireachta i gcomhpháirt le piaraí ina mbealaí ar féidir le leanaí taithí a fháil ar leabhair.
- Is próiseas leantach é an foghlaim léitheoireachta agus scríbhneoireachta ón gcliabhán agus tá tionchar fadtéarmach aige ar an leanbh. Ó na blianta tosaigh, tá gach uile ní a dhéanann daoine fásta chun tacú le teanga labhartha agus litearthacht leanaí tábhachtach.
- Tuigeann na daoine tábhachtacha i saol leanaí, tuismitheoirí, cúramóirí, oideachasóirí luathbhlianta, múinteoirí, leabharlannaithe agus daoine eile, go dtarlaíonn forbairt litearthachta de bharr seo a leanas:
  1. Taithí ar fhoclóir fairsing a chloisteáil trí thimpeallachtaí saibhre teanga le hamhráin, scéalta, rímeanna, comhráite agus ionchur ó dhaoine fásta chomh maith le cumas an linbh féin sa smaointeoireacht agus sa teanga.
  2. Deiseanna le páirt a ghlacadh i gcomhráite fada ina mbíonn gá ag an leanbh tuiscintí a fhorbairt nach bhfuil laistigh de shrianta na haimsire láithrí agus ina bhfuil úsáid abairtí iolracha i gceist chun struchtúr teanga a chruthú, rudaí amhail mínithe, insintí, nó caint i gcéill.
  3. Tithe teaghlaigh, suíomhanna luathbhlianta agus suíomhanna scoile a spreagann smaointeoireacht agus teanga i measc leanaí.
- Bíonn na daoine suntasacha i saol leanaí mar bhóthar dóibh chuig an bhfoghlaim agus chuig an tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le cruthú agus cothabháil timpeallachtaí ardchaighdeáin ina spreagtar leanaí chun cainte.
- Is dóchúla go mbeadh taithí ag leanaí ar chomhráite atá saibhir le foclóir, atá intuigthe, spéisiúil agus fada dá bhfaigheadh agus dá léifeadh na daoine suntasacha ina saol leabhair agus taithí súgartha ábhartha agus bríoch dóibh atá éagsúlaithe agus spreagthach.
- Oibríonn na daoine suntasacha i saol leanaí go dian chun taithí foghlama, atá dírithe ar litearthacht, a chur ar fáil agus gaol a thógáil lena leanaí agus déanann siad siúd an taithí agus an gaol sin a mheas agus a iniúchadh.
- Cuirtear paisean sna daoine suntasacha i saol leanaí maidir le foghlaim teanga agus forbairt litearthachta.

Cuirfear an clár seo ar fáil ag úsáid ár n-acmhainní, ár n-inniúlachtaí agus ár scileanna reatha. Tá sé mar aidhm againn spriocanna fadtéarmacha simplí agus comhsheasmhacha atá tacaithe ag feasacht mhéadaithe ar thábhacht na luathlitearthachta a sholáthar. Tá sé mar aidhm againn chomh maith clár inbhuanaithe a fhorbairt atá oiriúnach do riachtanais litearthachta ár bpobal.

[5] Leagan cóirithe as French, G. (2012). *Early literacy and numeracy matters: Enriching literacy and numeracy experiences in early childhood.* Dublin: Barnardos Training and Resource Service.

# Réasúnaíocht don Straitéis

## Cad is ciall le luathlitearthacht?

Athraíonn a bhfuil i gceist againn le litearthacht go rialta. Níl sé teoranta don léitheoireacht agus scríbhneoireacht, cuimsíonn sé raon scileanna agus inniúlachtaí níos leithne le cineálacha nua teicneolaíochta. Go traidisiúnta, ceapadh go raibh litearthacht ag tagairt do na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta ach tuigimid anois go dtagann litearthacht 'chun cinn' sna luathbhlianta agus go gcuimsíonn sé raon níos leithne d'inniúlachtaí.

Is é seo a leanas an sainmhíniú atá sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta ar litearthacht:

*...an cumas le bheith in ann na cineálacha éagsúla den chumarsáid a léamh, a thuiscint agus léirthuiscint chriticiúil a bheith againn dóibh, an teanga labhartha, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha ina measc.*[6]

Lárnach don litearthacht tá tóraíocht na céille agus na tuisceana. Tá scéalta, leabhair agus litearthachtaí amhairc, teicneolaíochta agus cultúrtha suntasach.[7] Sa luath-óige, i gceist le litearthacht tá: leanaí ag cloisteáil fuaimeanna agus iad á n-aithint dóibh ag daoine fásta íogaire; gleoiseadh agus athrá focal agus rímeanna; scéalta agus leabhair a léamh i gcomhpháirt níos déanaí ansin ar DVD nó ar an teilifís nó ar chineál teicneolaíochta cumarsáide eile (e.g. téacsanna bunaithe ar an ríomhaire, íomhánna taifid ghutha nó cluichí ar ghutháin póca); éisteacht, féachaint ar na pictiúir le daoine eile agus caint mar gheall orthu, marcanna a chur sa ghaineamh agus ar pháipéar.[8] Is éard is litearthacht ann, dá bharr, ná comhtháthú den éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh, le cumarsáid a dhéanamh agus foghlaim conas foghlaim.[9] Tarlaíonn foghlaim litearthachta i rith idirghníomhaíochtaí agus eispéireas suntasach le raon leathan ábhar, téacsanna, teicneolaíochtaí agus ócáidí.




[6] An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2011, p. 8). *Literacy and numeracy for learning and life: The national strategy to improve literacy and numeracy among children and young people 2011-2020.* BÁC: An Roinn Oideachais agus Scileanna.
[7] Whitehead, M. (2007). *Developing language and literacy with young children.* (3rd ed.) Londain: Sage Publications Ltd.
[8] Epstein, A. (2007). *Essentials of Active Learning in Preschool.* Ypsilanti, MI: High/Scope Press.
[9] An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2005). *DEIS (Delivering equality of opportunity in schools) - for educational inclusion.* BÁC: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.




## Cén fáth ar chóir Straitéis Litearthachta Luathbhlianta a fhorbairt?

Léiríonn taighde gurb iad na leanaí is mó i mbaol deacrachtaí léitheoireachta a bheith i ranganna bunscoile ná iad siúd a thosaigh an scoil le leibhéal níos ísle de scileanna labhartha, d'fheasacht fóineolaíochta (feasacht ar na fuaimeanna a dhéanann focail), tuiscint níos lú ar litreacha agus eolas níos lú ar chuspóirí agus meicníochtaí na léitheoireachta.[10] Mar ábhar den oideachas bunúsach agus mar bhunchloch don fhoghlaim fad saoil, tá an litearthacht ríthábhachtach chun inniúlachtaí an duine dhaonna a leathnú agus le han-chuid ceart eile a bhaint amach. Le bheith sonrach faoi, tá iliomad buntáistí ag baint leis an litearthacht ní hé amháin do dhaoine aonair ach do theaghlaigh, pobail agus don tsochaí.

Dar leis an tuarascáil is déanaí maidir le litearthacht agus uimhearthacht sa luath-óige, an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, deir an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn:

*Tá ríthábhacht le scileanna litearthachta agus uimhearthachta le cur ar a gcumas forbairt a dhéanamh mar dhuine, le saol sásúil agus fiúntach a bhaint amach agus páirt a ghlacadh go hiomlán inár sochaí.*

Tá seans níos mó ann go bhfágfadh leanaí nach bhfuil an inniúlacht acu léamh, scríobh ná cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ag leibhéal na bunscoile an scoil go luath, bheith dífhostaithe nó i bpoist nach bhfuil scil ard ag baint leo, sláinte mhothúchánach agus fhisiceach níos measa a bheith acu agus seans níos mó dóibh bheith sáinnithe sa bhochtaineacht nó i bpríosúin.[11,12] Tá nasc ann idir deacrachtaí litearthachta agus múitseáil, eisiamh sóisialta, mí-úsáid alcóil nó drugaí, rioscaí méadaithe sláinte agus deiseanna saoil atá laghdaithe go mór.

Dá bharr sin, tá sé mar aidhm ag Leabharlanna Fhine Gall, trína straitéis litearthachta agus na gníomhaíochtaí atá cuimsithe ann, difríocht inbhuanaithe agus fhadtéarmach a dhéanamh i measc ár saoránach is óige.

Tá sé mar chuspóir againn a chur ar chumas ár saoránach óg scileanna a bheith acu do shaol liteartha. Trí imeachtaí a chruthú ar nós seanchais, clubanna leabhar naíonán agus cláir foghlama teaghlaigh inár leabharlanna brainse, cuirimid timpeallacht foghlama spraíúil agus idirghníomhach ar fáil dár bpobal. Ní bheidh na buntáistí teoranta don sprioc-lucht luath-óige amháin, beidh tionchar aige ar lucht níos fairsinge agus cruthóidh sé buntáistí do theaghlaigh na leanaí atá páirteach chomh maith.

[10] Burns, S.M., Griffin, P. & Snow, C.E. (1999). *Staring out right: A guide to promoting children's reading success.* Washington, D.C.: National Academy Press.
[11] KPMG Foundation. (2006). *The long term costs of literacy difficulties.* UK: KPMG Foundation.
[12] An Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialach. (2009). *Child literacy and social inclusion: Implementation issues.* Tuarascáil Uimh. 39. BÁC: An Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialach.


Kit for Kids

# Cad a deir an taighde mar gheall ar luathlitearthacht?


## Tá teanga labhartha agus forbairt chumarsáide tábhachtach

Níl litearthacht bunaithe i litreacha agus i bhfocail ar dtús, ach i gcumarsáid agus teanga i.e. cumarsáid neamhbhriathartha (miongháire, gothaí, méar sínte i dtreo ruda) agus caidrimh ghrámhara chómhalartacha. Aithnítear go bhfuil an tábhacht a bhaineann le forbairt scileanna teanga agus cumarsáide linbh ó lá na breithe ina réamhtheachtaí don fhorbairt litearthachta. Forbraíonn an chaint, an éisteacht, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht i gcomhthráth leis, ina áit bheith ag forbairt go seicheamhach.

Dá mhéid taithí atá ag leanaí ar leabhair agus ar theanga, is ea is mó an deis atá acu bheith líofa sa léitheoireacht, faoi mar a thuigimid. Thairis sin, ámh, tá a mhalairt fíor chomh maith. Dá laghad taithí atá ag leanaí le litearthacht agus teanga (i.e. foclóir agus caint) is ea is mó an seans go mbeidh deacrachtaí acu le léitheoireacht. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil nasc mór idir méid an stóir focal ag aois a trí agus marcanna i dtástálacha teanga ag aois a naoi agus a deich i réimsí an stóir focal, na héisteachta, na comhréire (struchtúr abairte, graiméar, rualacha teanga) agus na léamhthuisceana.[13] Bhí an nasc is mó ag toisc amháin le méid an stóir focal ag leanbh trí bliana d'aois: an líon focal a d'úsáid na tuismitheoirí leis an leanbh sa bhaile. Luíonn sé le réasún chomh maith go bhfuil ról suntasach ag suíomhanna luath-óige (naíolanna, grúpaí súgartha agus mar sin de) i bhfoclóir agus labhairt a chur os comhair an linbh chomh maith.



[13] Hart, B. & Risley, T.R. (1995). *Meaningful differences in the everyday experiences of young American children.* Baltimore, Maryland: Brookes.



## Na scileanna litearthachta sonracha ar chóir iad a spreagadh

Seo a leanas na scileanna litearthachta luath-óige a aithníodh mar fháistineoirí láidre do bhaint amach litearthachta sa todhchaí:

1. **Forbairt teanga labhartha** atá comhdhéanta d'fhás stóir mhóir focal trí leanaí a thumadh i gcomhráite agus scéalta, raon leathan focal bheith curtha ar fáil don leanbh agus iad bheith spreagtha chun cainte[14].

2. Bheith in ann **caint mhínitheach** a thuiscint agus a dhéanamh, le leanaí bheith in ann suíomhanna nó smaointe a mhíniú, e.g. cad is ciall le 'saoire'?

3. Bheith in ann **caint insinte** a thuiscint agus a dhéanamh, e.g. leanaí ag caint mar gheall ar imeachtaí a tharla san aimsir chaite, le bheith in ann 'céard a tharla sa réamhscoil inniu'? a fhreagairt san ord ceart, nó imeachtaí sa todhchaí a phleanáil.

4. **Feasacht fóineolaíochta a léiriú**, rud a chiallaíonn go léireofaí an cumas ginearálta bheith in an patrúin fuaime a aithint laistigh d'fhocail teanga[15]. Nuair a chuirtear raon fuaimeanna os comhair an linbh, agus nuair a thacaítear leo iad a athrá tríd an naíolann agus trí rímeanna gníomhaíochta, forbraíonn an leanbh feasacht maidir leis na comhfhuaimeanna laistigh d'fhocal, ar nós iad siúd a dhéanann rím, siollaí agus fóinéim. Is éard is fóinéim ann ná an t-aonad fuaime is lú i dteanga. D'fhéadfadh seo bheith ina litir aonair (graiféim) 't' nó níos mó ná sin, 'th' .

5. **Feasacht fóinéimeach a eiseamláiriú.** I gceist le feasacht fóinéimeach tá an léargas gur féidir gach focal a bhriseadh síos ina seicheamh de chomh-fhóinéimí, e.g. tá 'luí' comhdhéanta de 'l' /'u' /'í'.[16]

6. Ag léiriú **roinnt den aithint litreacha roimh aois a cúig**, e.g. tuigeann leanaí na litreacha ina n-ainmneacha féin.[17]

7. **Eolas ar chló/ar choincheapa**, a chuimsíonn eolas agus taithí ar chló timpeallachta, conas mar a eagraítear cló ar leathanach, agus conas mar a úsáidtear cló don léitheoireachta agus scríbhneoireacht.[18]

8. **Feidhmeanna Scríbhneoireachta a thuiscint**, e.g. tuigeann leanaí go bhfuil scríbhneoireacht mar bhealach le smaointe agus eolas an duine a roinnt; gur modh cumarsáide pearsanta é agus go gcuireann sé teachtaireacht in iúl ar féidir í a léamh ag am eile.

9. **Scríbhneoireacht/cruthú marcanna ag teacht chun cinn**, rud a chiallaíonn go ndéanann leanaí marcanna in iógart, i ngaineamh, ar pháipéar, i bpictiúir, tá na céad iarrachtaí a dhéanann leanbh a (h) ainm féin a scríobh tábhachtach. Cuireann sé bealach ar fáil trínar féidir le leanaí a gcuid mothúchán agus smaointe a chur in iúl do dhaoine eile. Tosaíonn foghlaim na scríbhneoireachta – cosúil leis an léitheoireacht – ag leibhéal an naíonáin.[19]

[14] Strickland, D. & Riley-Ayers, S. (2006). *Early literacy: Policy and practice in the preschool years. Policy Briefing 10:* Rutgers, New Jersey: National Institute for Early Education Research.

[15] Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G. McPhillips, T., Marsh, J., O'Connor, M. and Shiel, G. (2012). *Literacy in early childhood and primary education (3-8 years).* An Chomhairle Náisiúnta um Churaclam agus Measúnú Taighde Tuarascáil Uimh. 15. Oscailte 24 Eanáir, 2013 ag http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Literacy_in_Early_Childhood_and_Primary_Education_3-8_years.pdf

[16] Kennedy *et al* (2012)

[17] Strickland, D. & Riley-Ayers, S. (2006). *Early literacy: Policy and practice in the preschool years. Policy Briefing 10:* Rutgers, New Jersey: Institiúid Náisiúnta um Thaighde Luathoideachais

[18] Strickland, D. & Riley-Ayers, S. (2006). *Early literacy: Policy and practice in the preschool years. Policy Briefing 10:* Rutgers, New Jersey: Institiúid Náisiúnta um Thaighde Luathoideachais.

[19] Whitehead, M. (2007). *Developing language and literacy with young children.* (3ú eagrán) Londain: Sage Publications Ltd.

## Tá rochtain ar leabharlanna agus leabhair tábhachtach

Tuigimid . . .

*'Gur dóchúla go mbeadh leanaí páirteach i gcomhráite a chuimsíonn caint fhada intuisceana agus spéisiúil agus tá stór focal mór acu nuair a fhaigheann agus a léann a dtuismitheoirí leabhair mhaithe dóibh agus nuair a chuireann a múinteoirí curaclam ilchineálach, spreagúil ar fáil dá ranganna.'* [20]

Léiríonn tionscadal seamhnach gur scóráil na leanaí ar léigh daoine éagsúla go rialta dóibh, a raibh teacht acu ar líon mór agus raon leathan leabhar agus a d'úsáid an leabharlann go rialta na marcanna is airde i ngach ceann de na trí bheart den luathlitearthacht (stór focal glacach, cruthú insinte, agus litearthacht éiritheach)'.[21] Is deis ar leith í an leabharlann, ós rud é gur acmhainn iontach é bheith in ann an-chuid cineálacha leabhar a thriail gan aon chostas gearrtha ort, chun an luathlitearthacht a chur chun cinn. Thairis sin, léiríodh i staidéar eile go bhfuil rialtacht na gcuairteanna ar leabharlanna ina nasc dearfach le teanga, litearthacht agus luath-oilteacht san uimhearthacht ó iontráil scoile do na daoine i gceist.[22]




[20] Dickinson, D. & Tabors, P. (2002, p. 13). Fostering Language and Literacy in Classrooms and Homes. *Young Children*. March (leathanaigh. 1-18). Washington: National Association for the Education of Young Children.
[21] Dickinson, D. & Tabors, P. (2002, l. 13). Fostering Language and Literacy in Classrooms and Homes. *Young Children*. March (leathanaigh. 1-18). Washington: National Association for the Education of Young Children.
[22] Siraj-Blatchford, I. (2004). Quality teaching in the early years. In A. Anning, J. Cullen, & M. Fleer (Eds.). *Early childhood education: Society and culture* (leathanaigh. 137-148). London: Sage Publications Ltd.

## Tá tábhacht le hilchineálacht a aithint

Féadann difríochtaí i dteanga agus cultúr baile agus scoile leanaí tionchar a bheith aige ar fhorbairt litearthachta leanaí i ngach ceann dá dteangacha. Tá eolas, meas agus tacaíocht don ilchineálacht ó theaghlaigh, cultúir agus cúlraí teangeolaíochta leanaí tábhachtach don fhorbairt luathlitearthachta. Tá Leabharlanna Fhine Gall tiomanta do bheith mar sheirbhís phoiblí uileghabhálach a léiríonn meas agus tacaíocht ar gach aon duine. Cuimsithe inar stoc leabhar tá raon leathan leabhar atá i dteangacha eachtrannacha, tá uirlisí foghlama teanga speisialaithe ar líne againn ('Transparent language online' ag www.fingalcoco.ie/library) agus tagann raon leathan de ghrúpaí comhrá le chéile inar mbrainsí. Tugann an t-idirlíon saor in aisce atá á chur ar fáil againn bealach tábhachtach cumarsáide do na hÉireannaigh nua atá tar éis teacht chun cónaithe i bhFine Gall, chomh maith leis an deis a thabhairt do dhaoine teacht ar eolas ar raon fairsing ábhar ar nós na fostaíochta agus na gceart leasa.



## Tá an timpeallacht foghlama sa bhaile tábhachtach

Léiríonn taighde suntasach an tábhacht a ghabhann leis an nasc idir teagmháil leanaí le leabhair, an taithí atá acu ar leabhair sa bhaile agus a gcumas teanga réamhscoile. Gearrtar nasc dearfach idir an líon leabhar pictiúr atá sa bhaile ag leanaí le teanga ghlacach (teanga chloiste agus thuigthe) agus friotal eispriseach (teanga labhartha).[23]

I measc na ngníomhaíochtaí a léiríonn timpeallacht láidir foghlama sa bhaile, atá nasctha le cumas an linbh aghaidh a thabhairt ar ábhair acadúla na scoile agus feabhas a chur ar a mbaineann siad amach san oideachas, tá:



1. An líon uaireanta a chaitheann tuismitheoirí ag múineadh amhrán nó rann dá leanaí.
2. An líon uaireanta a chaitheann leanaí ag imirt le litreacha/uimhreacha sa bhaile – atá nasctha le gach gné den rathúlacht san oideachas.
3. Aird a leanaí á ndíriú ag tuismitheoirí ar fhuaimeanna agus litreacha – atá nasctha le scileanna litearthachta, luath-scileanna uimhearthachta agus oilteacht neamh-bhriathartha.
4. An líon uaireanta a chaitheann tuismitheoirí ag léamh dá leanaí – atá bainteach le marcanna níos airde i ngach toradh oideachasúil.
5. An líon uaireanta a chaitheann leanaí sa leabharlann – rud a léiríonn nasc dearfach le teanga, litearthacht agus luath-oilteacht uimhearthachta ar iontráil na scoile dóibh.[24]

[23] Payne, A., Whitehurst, G. & Angell, A. (1994). The role of home literacy environment in the development of language ability in preschool children from low-income families. *Early Childhood Research Quarterly*; 9(3-4),427-40.
[24] Siraj-Blatchford, I. (2004). Quality teaching in the early years. In A. Anning, J. Cullen, & M. Fleer (Eds.). *Early childhood education: Society and culture* (pp. 137-148). London: Sage Publications Ltd.

## Tá léitheoireacht i gcomhpháirt tábhachtach

Déantar luath-fhorbairt friotal eispriseach a éascú trí ‘straitéisí léitheoireachta i gcomhpháirt’ a úsáid a thugann spreagadh, tacaíocht agus cur chun cinn do rannpháirtíocht leanaí i ndeiseanna léitheoireachta leabhar. Dá mhéid ama a fhanann leanbh in imeacht léitheoireachta leabhair agus dá mhéid spreagadh a thugann an duine fásta don rannpháirtíocht ghníomhach ón leanbh trína ndeir an leanbh a leathnú, nó trí cheisteanna neamhiata a chur, is ea is mó an tionchar a bheidh ag an taithí léitheoireachta ar fhorbairt theanga an linbh.[25]

Mar a chuir Kofi Annan in iúl, Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe:

> *‘scaoileann litearthacht an glas ar dhoras na foghlama sa saol, tá sé riachtanach don fhorbairt agus don tsláinte, agus osclaíonn sé an bealach don rannpháirtíocht dhaonlathach agus do shaoránacht ghníomhach.’* [26]

Léiríonn taighde go bhféadfadh go bhfuil nasc idir easpa feasachta sochaí ar an tábhacht agus an pléisiúr a bhaintear as bheith ag labhairt agus ag éisteacht le leanaí óga, ar an tslí go dtosaíonn iompraíochtaí cumarsáide ón lá breithe ar aghaidh, an tábhacht a ghabhann le súgradh i gcéill, ceol, rithim agus rím i gcás forbartha teanga nó seans go gceaptar go bhforbródh leanaí scileanna labhartha ó chaint ghinearálta timpeall orthu, nó teanga a fhoghlaim nuair a thosaíonn siad ar an naíonra.[27] Tá sé mar aidhm ag Leabharlanna Fhine Gall an bhearna sin san fheasacht a líonadh.




[25] Hamer, C. (2011) *Guidance for developing a strategic approach to speech, language and communication in the early years.* London: National Literacy Trust.
[26] Kofi Annan a luaigh sa Fóram Náisiúnta Eacnamaíocht agus Sóisialta. (2009, l. 17). *Child literacy and social inclusion: Implementation issues.* Tuarascáil Uimh. 39. BÁC: An Fóram Náisiúnta Eacnamaíocht agus Sóisialta.
[27] National Literacy Trust. (2004). *Early language advocacy kit for early years professionals. London: National Literacy Trust*. Aimsithe 27 Iúil, 2012 ag www.nationalliteracytrust.org

# Léiriú de Leanbh Liteartha

Leanbh a labhraítear leis/léi agus a labhraíonn leat. Leanbh a bhíonn ag foghlaim rímeanna gníomhaíochta, amhrán, scéalta agus stór mór focal.

Leanbh ag a bhfuil timpeallacht shaibhir litearthachta agus leabhar (le scéalta, comharthaí, pictiúir le lipéid) agus a thugann cuairt ar an leabharlann go minic.

Leanbh a bhaineann taitneamh as rímeanna agus scéalta agus a ndéantar cultúr agus teanga a t(h)eaghlaigh a cheiliúradh.

Leanbh atá in ann smaointe a mhíniú agus atá in ann cur síos ar ghníomhaíochtaí an lae san ord ceart. Leanbh a thuigeann go bhfuil focail déanta d'fhuaimeanna.



Leanbh a bhfuil timpeallacht foghlama aige nó aici sa bhaile ina bhfuil leabhair shuimiúla a léitear go minic dó/di.

Leanbh a bhfuil roinnt litreacha ar eolas aige/aici (e.g. na litreacha ina (h) ainm féin ar eolas roimh aois a cúig), leanbh a thuigeann go mbaineann scríbhneoireacht le smaointe a roinnt, agus marcanna a dhéanamh ar pháipéar.

Leanbh a fhaigheann an deis tabhairt faoi shúgrach turgnamhach agus fantaisíochta agus a fhaigheann deiseanna páirt a ghlacadh i gcomhráite fada cuspóiriúla.

Leanbh a bhíonn ag léamh i gcomhpháirt le daoine fásta a chuireann in iúl don leanbh cé hé/hí an t-údar agus an maisitheoir; a spreagann an leanbh chun a thomhas cad é téama an scéil; a chuireann ceisteanna neamhiata; a chuireann breis leis an méid atá le rá ag an leanbh faoin scéal.

An Dr Geraldine French



## An Straitéis Litearthachta Luathbhlianta

# Eochairghníomhaíochtaí agus spriocanna

## Eochairghníomhaíocht 1

### Déanfar Croíchnuasach Luathbhlianta darb ainm ‘Early Readers’ a fhorbairt

Bunóidh agus cothóidh Leabharlanna Fhine Gall croíchnuasach leabhar atá oiriúnach le húsáid ó lá breithe linbh. Cuimseofar sa chnuasach seo leabhair a bheidh ar fáil le tógáil ar iasacht agus a d’fhéadfaí a úsáid i suíomh seomra ranga nó naíonra agus beidh sé comhdhéanta de 10, 20 nó 30 cóip de gach leabhar léitheoireachta. Déanfar an cnuasach seo a bhrandáil mar pháirt den straitéis léitheoireachta luathbhlianta agus déanfar é a chothabháil agus a leathnú.

Beidh raon leathan leabhar sa chnuasach ‘Early Readers’ do leanaí óga agus beidh an cnuasach sin bunaithe ar an gcomhairle a fuarthas ó na páirtithe leasmhara a bhí páirteach sa tionscadal seo.






## Eochairghníomhaíocht 2

### Bunóimid agus cothóimid Clubanna Leabhar Naíonán inár líonra de leabharlanna brainse

Bunófar Clubanna Leabhar Naíonán inár leabharlanna brainse. Déanfar na clubanna seo a shamhaltú ar na grúpaí tuismitheoirí agus lapadán maithe atá ann cheana féin agus beidh seisiúin seanchais agus gníomhaíochtaí spraíúla ann do leanaí an-óga. Ceannaíodh cnuasach speisialta de leabhair cairtchláir don ghníomhaíocht seo.

Tarlóidh na grúpaí seo i leabharlanna Shoird, Bhinn Éadair, Bhaile Bhlainséir agus Bhaile Brigín, d'fhonn an tionscnamh a leathnú go gach leabharlann bhrainse.

*Féach 'Cás-Staidéar 1' chun tuilleadh sonraí maidir leis an eochairghníomhaíocht seo a fheiceáil*



## Eochairghníomhaíocht 3

### Cuirfimid clár foghlama teaghlaigh ar fáil i gcomhpháirt leis an gCoiste Gairmoideachais

I gcomhpháirt leis an gclár AKSES (Seirbhís Oideachais Eochairscileanna do Dhaoine Fásta) ón gCoiste Gairmoideachais, óstálfaimid cláir foghlama teaghlaigh i leabharlann Bhaile Bhlainséir agus sa phobal i gcoitinne.

Beidh an clár foghlama teaghlaigh comhdhéanta de thrí mhodúl:

1

**Modúl cruthaithe 'storybag':** Is cur chuige ealaíne agus ceardaíochta é Storybags ag úsáid leabhair scéalta (ficsin) agus leabhair fíorscéil chun ábhair a chruthú chun tacú leis an bpróiseas foghlama léitheoireachta.

2

**What's the story?** Tá seo dírithe ar theicnící roghnaithe agus léitheoireachta leabhar agus leagann sé béim ar ról tuismitheoirí/ caomhnóirí i bhforbairt grá agus measa ina leanaí don léitheoireacht. Tá sé mar aidhm aige chomh maith foghlaim fad saoil a chur chun cinn.

3

**Adults count too:** Tá mar aidhm leis an gclár seo tacú le tuismitheoirí / caomhnóirí leanaí sa bhunscoil ó rang a 1 go rang a 6 a scileanna matamaitice a fheabhsú le cur ar a gcumas cabhrú lena leanaí a gcuid oibre baile matamaitice a dhéanamh.





## Eochairghníomhaíocht 4

### Rachaimid i dteagmháil le húdair agus maisitheoirí

Beidh teacht ar údair agus maisitheoirí leanaí chun an deis a chur ar fáil taithí shaibhrithe den phróiseas léitheoireachta agus scríbhneoireachta a sholáthar. Déanfaimid teacht ar chainteanna agus ar cheardlanna a éascú, tugtha ag raon speisialtóirí i réimse na litearthachta leanaí do naíonraí, creiseanna agus scoileanna.

Ag obair i ndlúthpháirt leis an údar agus maisitheoir Mary Murphy, táimid tar éis clár comh-léitheoireachta darb ainm 'Children reading together' a fhorbairt. Tá roinnt dár scoileanna páirtíochta tar éis roinnt ceardlann rathúil a óstáil agus tá sé mar aidhm againn an rathúlacht seo a mhacasamhlú in áiteanna eile. Bhí na ceardlanna seo dírithe ar leanaí 9 go 10 mbliana d'aois agus bhí mar aidhm acu an mhuinín agus an díograis a thabhairt do leanaí scéalta a léamh i gcomhpháirt agus leabhair a léamh os ard dá ndeartháireacha, dá ndeirfiúracha, dá gcairde nó dá gcol ceathracha atá níos óige ná iad. Ba dheis iad na ceardlanna seo chomh maith léargas a fháil ar shaol údair agus maisitheora. Sa tslí seo, téann gliondar na léitheoireachta agus an tseanchais i bhfeidhm ar an teaghlach uile.

Leanfaimid orainn de bheith ag forbairt cláir oiliúna maidir le scileanna seanchais bunaithe ar scéim phíolótach rathúil a tharla níos luaithe i mbliana i measc na foirne sna leabharlanna. Amach anseo, déanfar an oiliúint seo a thairiscint do na daoine tábhachtacha i saol leanaí.

## Eochairghníomhaíocht 5

### Éascóimid forbairt agus soláthar an mhodúil ‘Storybag’ deartha ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir

Éascóimid eagrú agus forbairt an mhodúil Storybag arna fhorbairt ag na Mic Léinn BA sa Chúram agus Oideachas Luath-óige in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir.

Leanfaimid orainn de bheith ag obair le ITB chun an clár seo a sholáthar i suíomhanna éagsúla lena n-áirítear ranganna na naíonán mór agus beag i mbunscoileanna agus i gcreiseanna pobail.

*Féach ‘Cás-Staidéar 2’ chun tuilleadh sonraí maidir leis an eochairghníomhaíocht seo a fheiceáil.*





## Eochairghníomhaíocht 6

### Déanfaimid Cnuasach Iontach Ábhar Litearthachta i ngach Leabharlann i bhFine Gall a chothabháil agus a fhorbairt i ngach leabharlann i bhFine Gall

Déanaimid athbhreithniú leanúnach ar chnuasach litearthachta inár leabharlanna ar mhaithe le riachtanais na léitheoirí i mbéal forbartha a chomhlíonadh trí dianphróiseas roghnaithe stoc ag foireann gairmithe cáilithe.

## Eochairghníomhaíocht 7

### Cuirfimid oiliúint litearthachta ar fáil d’fhoirne na leabharlann

Cuirfimid oiliúint shonraithe ar fáil d’fhoirne na leabharlann i réimse na feasachta litearthachta.

Éascóidh roinnt saineolaithe litearthachta agus saineolaithe i réimse na foghlama luath-óige an oiliúint seo.



## Eochairghníomhaíocht 8

### Bainfimid úsáid as ár seirbhís leabharlann taistil chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i dtionscnamh seanchais

I ndiaidh an chláir phíolótaigh rathúil a d'úsáid an leabharlann taistil i réigiún BÁC 15, tabharfaimid scéalaí go creiseanna pobail éagsúla i bhFine Gall. De bhreis ar eispéireas spraíúil agus idirghníomhach a chur ar fáil do leanaí réamhscoile, cuirfidh sé an deis ar fáil do lucht na luath-óige agus a gcúramóirí teacht a bheith acu ar leabharlann.

Cruthóidh an idirghníomhaíocht seo feasacht agus dearcadh maith i leith seirbhísí leabharlainne, spreagfaidh sé spéis i leabhair agus spreagfaidh sé luathléitheoireacht.



## Eochairghníomhaíocht 9

### Cruthóimid bileoga faisnéise agus nod maidir leis an luathléitheoireacht

Cruthóidh an fhoireann leabharlainne, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara an tionscadail, bileog faisnéise a shonróidh na hacmhainní atá ar fáil i réimse na litearthachta.

Cruthóimid roinnt bileog faisnéise agus nod chomh maith do thuismitheoirí agus cúramóirí ar ábhair amhail: léamh do do leanbh, ag cabhrú le do leanbh léitheoireacht a dhéanamh, conas leabhair a roghnú do leanaí agus ábhair mholta léitheoireachta.



## Eochairghníomhaíocht 10

### Déanfaimid iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann le haghaidh Scéime Bronnta Leabhar

Déanfaimid iniúchadh ar an bhféidearthacht bheith ag obair le foilsitheoirí, díoltóirí leabhar agus páirtithe leasmhara eile chun an eochairghníomhaíocht seo a scrúdú ina mbeadh leabhar á thabhairt mar 'bhronntanas' do gach leanbh.




# Conclúid

Mar chonclúid, an fhís atá againn ná feabhas a chur ar leibhéil litearthachta ar fud Fhine Gall trí thacaíocht a thabhairt do na daoine suntasacha i saol leanaí (ó lá a mbreithe go sé bliana d'aois), an deis a thabhairt do na leanaí sin an tús is fearr agus is féidir a fháil sa saol trí úsáid a bhaint as leabhair mar bhreosla don tsamhlaíocht agus don fhoghlaim fad saoil, rud óna n-eascródh deiseanna cruthaitheachta agus foghlama sa litearthacht luath-óige. Tá sé mar aidhm againn seo a bhaint amach inár líonra de leabharlanna brainse agus lasmuigh trínár 10 n-eochairghníomhaíocht a chur i gcrích.

Chuir Leabharlanna Fhine Gall an straitéis scríofa seo ar bun chun an acmhainneacht i leabharlanna atá foinsithe go proifisiúnta a uasmhéadú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais litearthachta agus chun tacaíocht a thabhairt do na daoine is óige inár sochaí. Cuirfimid raon tacaíochtaí breise ar fáil chomh maith do thuismitheoirí agus do chúramóirí trí mheán na ngníomhaíochtaí éagsúla atá ag dul ar aghaidh go leanúnach inar leabharlanna brainse. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá cúrsaí tacaíochta teanga agus cúrsaí oiliúna i gcuardach post agus ríomhaireacht. Cuirfimid romhainn éisteacht le riachtanais ár saoránach agus cuirfimid tacaíochtaí sonraithe ar fáil sna réimsí ina bhfuil an méid is mó gá na tacaíochtaí seo a chur i bhfeidhm.

Féachaimid ar an tionscnamh litearthachta mar phróiseas rannpháirteach a bhainfear amach trí dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara pobail agus oideachais chun barr cumais ár léitheoirí atá i mbéal forbartha a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm againn gach ceann de na réimsí sonraithe eochairghníomhaíochtaí, le béim ar an straitéis scríofa bheith mar an bhunchloch dár ngníomhaíochtaí, sa mheántéarma. Tá súil againn caighdeán seasmhach do sholáthar tacaíochtaí litearthachta laistigh dár líonra brainse a chruthú agus cinnteoimid go rachfar i dteagmháil go dearfach le páirtithe leasmhara lárnacha i réimse na foghlama luath-óige.



# Cás-Staidéar 1
## Club Leabhar Naíonán Leabharlann Bhinn Éadair

Go dtí seo, táthar tar éis ceithre sheisiún de Chlub Leabhar Naíonán i leabharlann leanaí Bhinn Éadair a chur ar bun agus d'éirigh go han-mhaith leo, agus reáchtáladh an chéad cheann an 14 Márta 2013. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, agus le pleanáil a éascú do thuismitheoirí, reáchtáiltear na seisiúin ar an lá agus ag an am céanna gach mí – an tríú Déardaoin de gach mí ag 11a.m.

Baineadh úsáid as meascán den seanchas, ceol, agus rímeanna gníomhaíochta chun caidreamh a dhéanamh leis na leanaí. Léadh ceithre scéal os ard, ag úsáid leabhair chairtchláir agus leabhair phictiúr mhóra. Bhí na leanaí an-fhreagrach don seanchas agus bhain siad taitneamh as iniúchadh a dhéanamh ar na leabhair a tugadh dóibh. Chun timpeallacht chompordach, dhathannach a chruthú do na leanaí clúdaíodh an t-urlár le mataí súgartha & cúisíní  bunaithe ar théama ainmhithe.

D'fhreastail an-chuid ar na clubanna agus chun spéis leantach a ghiniúint sa Chlub Leabhar Naíonán cinneadh go mbeadh téama 'Picnic Béiríní Bréige' ann don seisiún i mí an Mheithimh. Osclaíodh an cruinniú seo chomh maith do leanaí réamhscoile. Chuir na fachtóirí seo le méadú sa fhreastal, le deich leanbh sceitimíneacha, béirín bréige i lámh gach duine acu, and seachtar fásta i láthair. D'éascaigh lucht na foirne seanchas agus spreag siad dathú pictiúr ina raibh carachtair agus rudaí ó scéalta an lae.

Tá spéis léirithe ag tuismitheoirí i gcruinnithe den Chlub Leabhar Naíonán amach anseo, le fáthanna éagsúla tugtha acu don spéis chéanna. Dúirt roinnt díobh go raibh súil acu go dtabharfadh an seanchas muinín dóibh ina gcumas féin scéalta a léamh dá leanaí. Dúirt tuismitheoir eile go dtabharfadh an seanchas féin cabhair di lena cuid Béarla ós rud é nach é Béarla a teanga dúchais agus go raibh súil aici feabhas a chur ar a scileanna teanga Béarla féin agus scileanna teanga Béarla a linbh. De bhreis air seo, thaitin an smaoineamh bunaidh de chlub leabhar le tuismitheoirí go ginearálta toisc gur breá lena leanaí bheith ag éisteacht le scéalta bheith á léamh os ard.



Fíor 1 An bhfuil gach duine ullamh don scéal? Club tionscnaimh Leabhar Naíonán leabharlann Bhinn Éadair


Fíor 2 Tá meas léirithe ag tuismitheoirí agus cúramóirí ar an gclub leabhar Naíonán

# Cás-Staidéar 2
## Seisiúin 'Storybag'



Fíor 4 Mic Léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlianséir ullamh le gníomhú.

I gcomhpháirt le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITB), d'éascaigh Leabharlanna Contae Fhine Gall soláthar seisiún seanchais ag úsáid na samhla 'storybag'. Chuir ranganna ó na naíonáin bheaga agus mhóra ó Scoil Naomh Pilib i Radharc an Chnocáin fáilte roimh mhic léinn ón gcúrsa céime sa Chúram agus Oideachas Luath-óige in ITB.

Is é Neil Griffiths (2000)[28] a smaoinigh ar choincheap an 'storybag' ar dtús (ar thug sé 'storysack air ar dtús'). Is éard is 'Storybag' ann ná bealach móréilimh, neamh-bhagrach chun tuismitheoirí agus cúramóirí a spreagadh le scéalta a léamh i gcomhpháirt lena leanaí, go háirithe na tuismitheoirí sin nach raibh taithí mhaith acu ar leabhair roimhe sin. Cuspóir an ruda ná gníomhaíochtaí léitheoireachta a spreagadh agus eispéireas léitheoireachta i gcomhpháirt atá suntasach agus spraíúil a chruthú. Áirítear anseo bréagáin bhoga de phríomhcharachtair an leabhair, agus frapaí agus feisteas ar féidir le tuismitheoirí agus daoine fásta eile a úsáid leis na leanaí chun beatha a thabhairt don scéal, fiú má tá scileanna léitheoireachta an duine fásta srianta.

Piocann an 'storybag' teideal leabhair mar phointe tosaithe agus cuireann sé leis an téama agus leis an scéal trí fhrapaí a úsáid chun beatha a thabhairt don scéal. "D'fhéadfadh go n-áireofaí sa mhála leabhar neamhfhicsin ar an téama céanna (e.g. leabhar ar bhéir faoin bhfiántas in éineacht le Picnic na mBéiríní Bréige), cluiche teangabhunaithe ag úsáid íomhánna ón scéal, treoracha scríofa d'eispéireas foghlama grúpa bhig ar nós gníomhaíocht drámaíochta nó moltaí le dul ar fhíorphicnic 'béiríní bréige', agus tacaíochtaí eile chun an ghníomhaíocht léitheoireachta a leathnú" (French, 2012, l.52).[29] Dearadh na 'storybags' agus na hábhair istigh iontu le bheith mealltach don tsúil agus tadhlach chun na leanaí a spreagadh agus a dhéanamh sceitimíneach mar gheall ar léitheoireacht.

Sna seisiúin seo bhí an-chuid spraoi agus idirghníomhaíochta teagmhálaí. Bhí eispéireas spraíúil agus dearfach ag na leanaí agus gníomhaíochtaí tábhachtacha léitheoireachta agus litearthachta ar siúl acu ag an am céanna.



Fíor 5 na rudaí riachtanacha le dul ar thóir na mbéar: déshúiligh agus tóirsí

Aiseolas ó mhúinteoirí:

*"Barraíocht acmhainní ann . . . Chuir sé ceisteanna ar na leanaí agus spreag sé spéis iontu . . . An-chuid frapaí, ábhartha don scéal . . . Geal, dathannach, soláimhsithe do leanaí."*

[28] Griffiths, N. (2000). *Practical workshops for parents.* (Dara eagrán.) Bury: Storysacks.
[29] French, G. (2012). *Early literacy and numeracy matters: Enriching literacy and numeracy experiences in early childhood.* BÁC: Barnardos Training and Resource Service.

# Tagairtí


Burns, S.M., Griffin, P. & Snow, C.E. (1999). *Starting out right: a guide to promoting children's reading success.* Washington, D.C.: National Academy Press.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, (2012). Oscailte 1 Márta, 2013 ar an suíomh gréasáin: http://www.cso.ie/en/qnhs/releasesandpublications / qnhs-calendarquarters/TableS9a, Q. 3, 2011

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2005). *DEIS (Comhionannas deiseanna a sholáthar do scoileanna) – do chuimsiú oideachasúil.* BÁC: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2011, l. 8). *Literacy and numeracy for learning and life: The national strategy to improve literacy and numeracy among children and young people 2011-2020.* BÁC: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Dickinson, D. & Tabors, P. (2002). *Fostering Language and Literacy in Classrooms and Homes. Young Children.* March (leathanaigh. 1-18). Washington: National Association for the Education of Young Children.

Epstein, A. (2007). *Essentials of Active Learning in Preschool.* Ypsilanti, MI: High/Scope Press.

Comhairle Contae Fhine Gall. (2010, l. 3). *Plean corparáideach 2010-2014*. BÁC: Comhairle Contae Fhine Gall

Bileog faisnéise Scéim Léitheoireachta Folláin Fhine Gall i gcomhpháirt le FSS agus Iníonacha na Carthanachta.

French, G. (2012). *Early literacy and numeracy matters: Enriching literacy and numeracy experiences in early childhood.* BÁC: Seirbhís Oiliúna agus Acmhainne Barnardos.

Griffiths, N. (2000). *Practical workshops for parents.* (Dara eagrán.) Bury: Storysacks

Hamer, C. (2011). *Guidance for developing a strategic approach to speech, language and communication in the early years.* Londain: National Literacy Trust.

Hart, B. & Risley, T.R. (1995). *Meaningful differences in the everyday experiences of young American children.* Baltimore, Maryland: Brookes.

Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G. McPhillips, T., Marsh, J., O'Connor, M. agus Shiel, G. (2012). *Literacy in early childhood and primary education (3-8 mbliana). An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Tuarascáil Taighde Uimh 15.* Oscailte 24 Eanáir, 2013 ag http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Literacy_in_Early_Childhood_and_Primary_Education_3-8_years.pdf

Luaite ag Kofi Annan sa bhFóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (2009). *Litearthacht Leanaí agus cuimsiú sóisialta: mórcheisteanna feidhmithe, Tuarascáil uimh. 39.* BÁC: An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach.

KPMG Foundation. (2006). *The long term costs of literacy difficulties.* UK: KPMG Foundation.

An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach. (2009). *Litearthacht Leanaí agus cuimsiú sóisialta: mórcheisteanna feidhmithe. Tuarascáil uimh. 39.* BÁC: An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach.

National Literacy Trust. (2004). *Early language advocacy kit for early years professionals. Londain: National Literacy Trust.* Oscailte 27 Iúil, 2012 ag www.nationalliterascytrust.org

Payne, A., Whitehurst, G. & Angell, A. (1994). *The role of home literacy environment in the development of language ability in preschool children from low-income families. Early Childhood Research Quarterly;* 9(3-4), 427-40.

Siraj-Blatchford, I. (2004). *Quality teaching in the early years. In A. Anning, J. Cullen, & M. Fleer (Eds.). Early childhood education: Society and culture (leathanaigh. 137-148)*. Londain: Sage Publications Ltd.

Strickland, D. & Riley-Ayers, S. (2006). *Early literacy: Policy and practice in the preschool years. Policy Briefing 10:* Rutgers, New Jersey: National Institute for Early Education Research.

Whitehead, M. (2007). *Developing language and literacy with young children. (Tríú eagrán.)* Londain: Sage Publications Ltd.

# Aguisín 1
# Páirtithe Leasmhara

Ar an 30/11/2012 reáchtáladh cruinniú le páirtithe leasmhara sa phobal áitiúil chun dul i mbun próiseas comhairliúcháin idirghníomhaireachta d'fhonn ionchur tábhachtach a fháil ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí ábhartha maidir le hábhair féideartha na Straitéise. Iad seo a leanas cuspóirí an chruinnithe:

1. A aimsiú cad é go díreach atá ag tarlú i réimse na luathlitearthachta faoi láthair
2. Fís a dheimhniú do Straitéis Luathlitearthachta Leabharlanna Fhine Gall
3. Ábhair fhéideartha na Straitéise sin a aithint
4. Na chéad chéimeanna eile i bhforbairt na Straitéise a shonrú

## AKSES – (Adult Key Skills Education Service) – Seirbhís Croíscileanna Oideachais do Dhaoine Fásta

Tá AKSES ina chuid de Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tagraíonn "Croíscileanna" do raon scileanna tábhachtacha atá ag teastáil ó gach duine fásta d'fhonn páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sa bhaile, sa phobal agus sa láthair oibre. Tá siad bunriachtanch chun a chinntiú go n-éireoidh linn san oideachas agus san oiliúint agus chun go mbeidh deiseanna níos fearr fostaíochta ar fáil dúinn.

I measc na gcroíscileanna sin tá an litearthacht, an uimhearthacht, scileanna cumarsáide, bunscileanna ríomhaireachta, foghlaim conas foghlaim, próiseáil faisnéise, éifeachtacht phearsanta, smaointeoireacht chriticiúil agus bheith ag obair i gcomhar le daoine eile.

Ghlac AKSES páirt i dtionscnamh litearthachta Leabharlann Contae Fhine Gall chun tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí trína gclár Foghlama Teaghlaigh. Is é aidhm an chláir Foghlama Teaghlaigh cuidiú le tuismitheoirí/caomhnóirí grá na léitheoireachta a mhúscailt ina leanaí, agus léitheoireacht ar feadh an tsaoil a spreagadh ionas go mbrisfear timthriall an mhíbhuntáiste a thugtar ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

## Barnardos

Bunaíodh Barnardos in Éirinn sa bhliain 1962 agus tá sé ar an bpríomhcharthanas neamhspleách do leanaí in Éirinn. D'oibrigh an eagraíocht le breis is 6,300 leanbh agus a dteaghlaigh anuraidh. An fhís atá againn ná go mbeadh Éire ina tír ina bhfuil an meas céanna ar gach leanbh agus duine óg agus ina gcuirtear an caomhnú céanna ar fáil do gach leanbh agus duine óg.

An misean againn ná dúshlán a thabhairt do theaghlaigh, do phobail, don tsochaí agus don rialtas, agus cuidiú leo a chinntiú go mbeidh Éire ar an áit is fearr ar domhan don leanbh bheith ina chónaí nó ina cónaí, ag díriú go háirithe ar leanaí agus daoine óga a bhfuil baol ann dá leas agus dá bhfolláine.

Bíonn an obair uile a dhéanann Barnardos dírithe ar thorthaí a bhaint amach agus treoraithe ag riachtanais; freagraímid do riachtanais indibhidiúla gach linbh agus teaghlaigh trí sheirbhísí speisialaithe a thairiscint, idir thacaíocht litearthachta agus chúnamh i gcúinsí deacra. Cuirimid tacaí praiticiúla agus gairmiúla ar fáil ionas go mbeidh leanaí in ann barr a gcumais a bhaint amach sa saol.

**www.barnardos.ie**

## Bláthanna Beaga Teo ag trádáil mar Mulhuddart Lifestart

Seo tionscadal pobail a bhfuil mar aidhm aige cuidiú le tuismitheoirí leanaí suas go 5 mbliana d'aois, trí oideachas a chur ar fáil dóibh, iad a chumhachtaí agus tacú leo, i réimse fhorbairt iomlánaíoch an linbh.

Cuireann Cuairteoirí Teaghlaigh an fhaisnéis ar fáil gach mí sa bhaile. Cuirtear faisnéis fhorbraíoch agus acmhainní, atá oiriúnach ó thaobh aoise de, ar fáil. Na haidhmeanna againn ná:

- Féinmheas, ardú meanma agus muinín a chothú
- Tacaíocht ghairmiúil agus phiaraí a sholáthar
- Sláinte fhisiceach agus mheabhrach na máthar a chur chun cinn
- Cumarsáid níos éifeachtaí le hAltraí Sláinte Poiblí agus le Gairmithe Cúraim Sláinte eile a chumasú.

## Coiste Contae Fhine Gall um Chúram Leanaí

Bunaíodh Coiste Contae Fhine Gall um Chúram Leanaí sa bhliain 2001 agus tá sé ar cheann de 33 Coiste Contae/Cathrach um Chúram Leanaí ar fud na tíre. Cuireadh FCCC ar bun chun feidhmiú i gcáil chomhairleach i gcontae Fhine Gall, ag soláthar comhairle, faisnéise agus cúnaimh maidir le topaicí éagsúla i réimse an chúraim leanaí.

## Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir

Cuireann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir céimeanna onóracha ar fáil, idir lánaimseartha agus obair-bhunaithe, i réimse an Chúraim agus Oideachais Leanaí. Ghlac Foireann teagaisc Cúraim Luath-óige na hInstitúide páirt i dtionscnamh litearthachta Leabharlann Contae Fhine Gall sa mhéid go dtuigimid go bhfuil an fhorbairt litearthachta ina cuid ríthábhachtach de na luathbhlianta i saol an linbh. Trí pháirt a ghlacadh sa tionscnamh daingnítear ár dtiomantas i leith na litearthachta agus forbraítear ár naisc le páirtithe leasmhara eile sa phobal áitiúil a bhfuil spéis acu an litearthacht a chur chun cinn sna luathbhlianta.

## Creis KIDZ ZONE

Is naíonra neambhrabúis, pobalbhunaithe é seo atá faoi stiúir coiste bainistíochta dheonaigh. Tá dea-cháil ar ár naíonra sa mhéid go gcuirimid oideachas luath-óige den chéad scoth ar fáil. Tá ár bhfoireann uile láncháilithe agus/nó tá taithí fhairsing acu i réimse na luath-óige.

Cé go mbíonn an phleanáil ceachtanna ina phróiseas leanúnach, athraitheach, tá na ceithre phríomhréimse, arna sonrú in AISTEAR (Creat Curaclaim Luath-óige) ina bhonn is ina thaca leo.

Tá scileanna éiritheacha léitheoireachta ina gcuid lárnach den phleanáil don churaclam. An phríomhaidhm againn le grúpaí litearthachta faoi bhun aois a cúig ná a thaispeáint do leanaí go bhfuil an méid céanna spraoi le baint as leabhair is atá as bréagáin eile – spreagaimid grá don léitheoireacht iontu.

## Creis ‘Little Learners’

Is seirbhís luath-óige í Creis ‘Little Learners’ atá ag feidhmiú i bpobal Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15. Tá sé mar aidhm againn an cúram leanaí áitiúil is fearr ó thaobh caighdeáin de a sholáthar, atá dírithe ar an leanbh, cuimsitheach agus curtha ar fáil ar phraghas réasúnta, ionas go mbeidh tuismitheoirí in ann bheith fostaithe, tabhairt faoin oiliúint nó faoin oideachas.

Cuirimid timpeallacht shábháilte, chairdiúil, chothaitheach ar fáil do leanaí inar féidir leo bheith ag foghlaim agus ag fás trí mheán clár struchtúrtha atá bunaithe ar shúgradh agus a chuimsíonn gníomhaíochtaí atá oiriúnach ó thaobh aoise de ag ionchorprú na ceithre théama in Aistear (Creat Curaclaim Luath-óige, 2009)

Aithnímid go bhfuil tábhacht ag baint le go mbeadh caidreamh feadh saoil ag leanaí leis an léitheoireacht agus le leabhair ón tréimhse is luaithe ina saol ionas go mbeidh siad feasach, ionas go mbainfear aon chonstaicí sa saol agus ionas go gcothófar luathlitearthaacht sa teaghlach agus i measc leanaí inár seirbhís.

# Aguisín 2
## Acmhainní gréasáin[30]

### Creis NYP (An Tionscadal Náisiúnta don Aos Óg)

Is é aidhm ár seirbhíse ná cúram leanaí ardchaighdeáin, inacmhainne, a chur ar fáil do thuismitheoirí ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoin bhfostaíocht, faoin oiliúint nó faoin oideachas.

Oibreoimid i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú le forbairt iomlán an linbh. Cuirimid an deis ar fáil do leanaí bheith ag foghlaim trí mheán an tsúgartha. Spreagaimid leanaí barr a gcumais a bhaint amach trí mheán na forbartha pearsanta agus sóisialta.

Tá mar aidhm againn curaclam leathan a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a fhreastalóidh ar riachtanais na leanaí. Cruthóimid timpeallacht shábháilte, ghrámhar dár leanaí.

### Scoil Náisiúnta St. Philip's

Is bunscoil í Scoil Náisiúnta St. Philip's i Radharc an Chnocáin, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15. Is scoil DEIS Banna 1 í, rud a chiallaíonn go bhfuil sí rangaithe mar Scoil faoi Mhíbhuntáiste. Díríonn scoileanna DEIS ar Litearthacht agus Uimhearthacht a chur chun cinn.

Leagann an scoil béim ollmhór ar an dá réimse sin. Cuireadh i bhfeidhm clár léitheoireachta ar éirigh thar barr leis ar fud na scoile. Spreagtar grá don léitheoireacht.

Tugtar an deis do leanaí ábhar agus leabhair éagsúla a léamh agus cuirtear leabhair abhaile de shíor chun na tuismitheoirí a spreagadh a bheith ag léamh lena leanaí.

**www.fingalcoco.ie** treoir iomlán de na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall, lena n-áirítear ár seirbhísí leabharlainne

**www.barbarabushfoundation.com** Bunaíodh seo chun go gcuirfí luach na litearthachta in iúl do gach teaghlach sna Stáit Aontaithe trí chabhrú le gach teaghlach a thuiscint gur sa bhaile atá céad scoil an linbh, gurb iad tuismitheoirí agus cúramóirí na céad mhúinteoirí atá ag leanaí agus gurb í an léitheoireacht an chéad ábhar atá ag leanaí.

**www.barnardos.ie** Cuireann an carthanas seo an-chuid tacaíochtaí ar fáil do theaghlaigh. Tá acmhainní ar fáil do ghairmithe a oibríonn le leanaí chomh maith le híoslódálacha saor in aisce eolais agus leabhar do thuismitheoirí.

**www.bbc.co.uk/parenting/learning/** is suíomh oideachasúil maith é seo do thuismitheoirí agus do leanaí a bhfuil tionscadail á ndéanamh acu.

**www.cecde.ie** Is é seo suíomh gréasáin an Ionaid Forbartha & Oideachais Luath-óige a d'fhorbair Síolta. Dhún CECDE i mí na Samhna 2008. Tá acmhainní úsáideacha ar fáil go fóill ar an suíomh a bhaineann le Síolta agus oideachas agus cúram luath-óige i gcoitinne.

**www.dyslexia.ie** Cumann Disléicse na hÉireann atá mar an phríomheagraíocht tacaíochta in Éirinn do dhaoine fásta agus leanaí a bhfuil disléicse acu.

**www.dyspraxiaireland.com** Cumann Diospraicse na hÉireann atá mar an phríomheagraíocht tacaíochta don diospraicse in Éirinn.

**www.education.ie** Tá eolas ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ar gach gné den oideachas.

**www.famlit.org** Cuireann The National Center for Family Literacy (USA) foilseacháin, físeáin agus ábhair eile dála nod léitheoireachta ar fáil chun tacú le litearthacht teaghlaigh.

**www.fingalcoco.ie/library** is ea an suíomh gréasáin do Leabharlanna Fhine Gall.

**www.into.ie** is ea an suíomh gréasáin ag Cumann Múinteoirí Éireann le heolas ar mhórcheisteanna oideachais.

[30] Ó French, G. (2012). *Early literacy and numeracy matters: Enriching literacy and numeracy experiences in early childhood.* Dublin: Barnardos Training and Resource Service.

**www.ivea.ie** (Cumann Gairmoideachais na hÉireann [IVEA]). Déanann na Coistí Gairmoideachais 126 clár litearthachta áitiúil do dhaoine fásta a bhainistiú agus an-chuid tionscnamh gairmoideachais agus oideachais teaghlaigh.

**www.kidsown.ie** Is é 'Kids' Own Publishing Partnership' an t-aon fhoilsitheoir leabhar ag leanaí do theaghlaigh in Éirinn. Tá Kid's Own tiomanta do na healaíona a thabhairt isteach go saol daoine óga agus cuireann sé bealach oibre ar fáil a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga a gcuid cruthaitheachta aonair a fhorbairt trí na healaíona a chleachtadh i gceart.

**www.library.ie** is suíomh gréasáin é seo do leabharlanna in Éirinn. Is é seo an chéad stad ar an ngréasán d'eolas bainteach le leabharlanna in Éirinn.

**www.linkslearning.org/** Cuireann Kids LINKS raon uirlisí foghlama agus gníomhaíochtaí matamaitice ar fáil do leanaí chun a gcuid tuiscintí agus scileanna a sheiceáil. D'fhéadfadh go mbeadh fonn ar thuismitheoirí, múinteoirí agus daoine eile triail a bhaint astu seo chomh maith. Ar fáil anseo tá scéalta 'léigh i gcomhpháirt liom', cluichí matamaitice agus ceachtanna matamaitice.

**www.literacy.kent.edu/Oasis/famlitnotebook/toc.html** Cuireann an Family Literacy Resource Notebook raon leathan eolais ar fáil, mar shampla céard is litearthacht teaghlaigh ann agus ar féidir an clár litearthachta teaghlaigh reatha a leasú.

**www.literacytools.ie** An suíomh gréasáin foghlama agus teagaisc litearthachta (féach suíomh gréasáin an Chumainn Náisiúnta Litearthachta Aosach www.nala.ie chomh maith).

**www.literacytrust.org.uk/vitallink/gotkids.html** Is suíomh gréasáin ón Ríocht Aontaithe é Got kids? Get Reading! ar a bhfuil ábhair phoiblíochta (meirgí agus póstaeir), cnuasach leabhar agus bileoga faisnéise do thuismitheoirí agus cúramóirí le teachtaireachtaí dearfacha maidir leis an tslí ar féidir leis an leabharlann tacú leo ina gcuid léitheoireachta.

**www.nala.ie** Féadann an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh daoine fásta ar mhian leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta a threorú chuig an tSeirbhís Litearthachta Gairmoideachais d'Aosaigh is gaire dóibh. Ar an suíomh chomh maith tá raon eolais maidir le forbairt litearthachta teaghlaigh.

**www.ncca.ie** Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le curaclam agus measúnacht oideachais luath-óige agus maidir le bunscoileanna agus scoileanna iar-bhunscoile. Cuireann Foireann Uirlisí Aistear an-chuid acmhainní ar líne ar fáil, mar shampla bileoga eolais, físeán de chleachtaí, podchraoltaí, acmhainní oiliúna, páipéir taighde chúlra agus acmhainní eile nach iad.

**www.npc.ie** Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí- Bunscoileanna is ea an eagraíocht náisiúnta atá mar ionadaithe do thuismitheoirí a bhfuil leanaí acu ag freastal ar luathoideachas agus oideachas bunscoile.

**www.oasis.gov.ie/education** Príomhréimsí spéise maidir leis an gcóras oideachais in Éirinn.

**www.pobal.ie/Funding/Programmes/early** Sonraí teagmhála do choistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae.

**www.readwritenow.ie** An tsraith teilifíse 'read write now' 5 (féach chomh maith suíomh gréasáin an Chumainn Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, www.nala.ie).

**www.rollercoaster.ie** Tá raon leathan eolais maidir le tuismitheoireacht ar fáil ar an suíomh seo.

**www.scoilnet.ie** An príomhshuíomh gréasáin don oideachas bunscoile, iar-bhunscoile agus riachtanais speisialta in Éirinn.

**www.skoool.ie** Tá an-chuid nod air seo do leanaí sinsearacha.

**www.starfall.com** Ar an suíomh seo tá clár léitheoireachta agus tá sé roinnte ina cheithre leibhéal scileanna le cineálacha éagsúla ábhar léitheoireachta idirghníomhaí agus gníomhaíochtaí soláimhsithe do leanaí atá dírithe go príomha ar léitheoirí éiritheacha agus iad siúd atá 4-7 mbliana d'aois.

**www.unesco.org/new/en/education/ themes/education-building-blocks/ literacy**. Cur chuige Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) i leith na litearthachta.